



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2020
(OR. en)

12968/20

**Comhad Idirinstiúideach:
2020/0327(NLE)**

**AELE 96
EEE 62
N 57
ISL 48
FL 42
MI 492
SOC 706
PREP-BXT 37**

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE

CINNEADH (AE) 2020/...ÓN gCOMHAIRLE

an...

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú
ar Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 48, i
gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 2894/94 an 28 Samhain 1994 a bhaineann
le socrúithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach
Eacnamaíoch¹, agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch¹ ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.
- (2) De bhun Airteagal 98 den Comhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn VI a ghabhann le Comhaontú LEE, a leasú, ina bhfuil forálacha maidir le slándáil shóisialta.
- (3) Luaitear in Airteagal 33 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("Comhaontú um Tharraingt Siar")² go mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le náisiúnaigh den Íoslainn, de Phrionsacht Lichtinstéin de Ríocht na hIorua agus de Chónaidhm na hEilvéise ar choinníoll go mbeidh comhaontuithe comhfhreagracha tugtha i gcrích agus á gcur i bhfeidhm ag na tíortha sin leis an Ríocht Aontaithe, a mbeidh feidhm acu maidir le saoránaigh de chuid an Aontais, chomh maith le comhaontuithe leis an Aontas a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe.

¹ Ní hann do théacs an Chomhaontaithe sin sa Ghaeilge (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3).

² IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

- (4) Luaitear in Airteagal 32 den Chomhaontú maidir leis na socruithe idir an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach, i gComhaontú LEE agus i socruithe eile is infheidhme idir an Ríocht Aontaithe agus Stáit CSTE LEE de bhua bhallraíocht na Ríochta Aontaithe san Aontas Eorpach (“Comhaontú Idirscartha”) go mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid II den Chomhaontú Idirscartha maidir le saoránaigh den Aontas, ar choinníoll go mbeidh comhaontuithe comhfhreagracha tugtha i gcrích agus á gcur i bhfeidhm ag an Aontas leis an Ríocht Aontaithe, a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh de CSTE LEE, chomh maith le comhaontuithe le Stáit CSTE LEE a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe.
- (5) Is gá, dá bhrí sin, cosaint chómhalartach ceart slándála sóisialta a sholáthar do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, daoine gan stát agus dídeanaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí, atá nó a bhí, faoi dheireadh na hidirthréimhse, ag maireachtáil i staid trasteorann lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú LEE, agus an Ríocht Aontaithe an tráth céanna.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE¹.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ Féach doiciméad ST12965/20 ar <http://register.consilium.europa.eu>